Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**14152/25**

**AGRI 501**
**AGRIORG 119**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Staid an mhargaidh, go háirithe i bhfianaise an ionraidh atá á dhéanamh ar an Úcráin<br>– *Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*<br>– *Seisiún tuairimíochta* |

De théisclim don chruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 27-28 Deireadh Fómhair 2025, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, doiciméad cúlra maidir leis an ábhar thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**Staid an mhargaidh, go háirithe i bhfianaise an ionraidh ar an Úcráin**

Meastar go nglacfaidh Leas-Phríomh-Aire um Lánpháirtiú Eorpach agus Eora-Atlantach na hÚcráine agus Ionadaí Trádála na hÚcráine, Taras Kachka, páirt ag tús an phlé maidir le staid an mhargaidh, go háirithe i bhfianaise an ionraidh atá á dhéanamh ar an Úcráin, ag cruinniú na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 27-28 Deireadh Fómhair 2025. Sa chomhthéacs sin, ba mhaith leis an Uachtaránacht an plé a dhíriú ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann le comhtháthú na hÚcráine de réir a chéile i margaí talmhaíochta an Aontais. Is foinse ríthábhachtach ioncaim í an trádáil i dtáirgí talmhaíochta do gheilleagar na hÚcráine i bhfianaise na n-ionsaithe brúidiúla atá á ndéanamh i gcónaí ag an Rúis.

An 5 Meitheamh 2025, chuaigh bearta trádála uathrialacha an Aontais maidir le hallmhairí ón Úcráin in éag. Thug an Coimisiún Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála athbhreithnithe idir an tAontas agus an Úcráin i gcrích an 30 Meitheamh 2025 agus chuir sé togra faoi bhráid na Comhairle lena fhormheas an 28 Iúil 2025. Meastar go bhformheasfar an comhaontú agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2025.

Sa chomhaontú nuashonraithe, leis an rochtain ar an margadh a sholáthraítear don Úcráin, baintear cothromaíocht amach idir tacú le trádáil na hÚcráine leis an Aontas agus na híogaireachtaí a bhaineann le hearnálacha talmhaíochta áirithe san Aontas a chur san áireamh. Ní hionann an rochtain caibidlithe ar an margadh i ngach cás, agus méadú teoranta ar an rochtain ar an margadh i gcás earraí íogaire áirithe i gcomparáid leis an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála bunaidh agus léirscaoileadh iomlán d'earraí eile neamhíogaire. Bainfidh easpórtálaithe an Aontais tairbhe freisin as taraifí níos ísle nó as léirscaoileadh iomlán ar roinnt táirgí chomh maith le méideanna cuótaí méadaithe ar tharaifí fabhracha. Ina theannta sin, tá an rochtain ar an margadh coinníollach ar an Úcráin a bheith ailínithe go rialaitheach le caighdeáin táirgthe ábhartha an Aontais maidir le leas ainmhithe, úsáid lotnaidicídí agus cógais tréidliachta faoin 31 Nollaig 2028.

Ar deireadh, áirítear sa chomhaontú clásal coimirce ina mbeidh an deis ag an dá thaobh sásra coimirce a ghníomhachtú lena gcumasófar bearta iomchuí a ghlacadh i gcásanna ina bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith ag allmhairí ar cheachtar páirtí. I gcás an Aontais, féadfar suaitheadh féideartha a mheas ar leibhéal an Bhallstáit –Ballstát amháin nó níos mó – nó ar leibhéal an réigiúin.

***

I bhfianaise an mhéid thuas, molann an Uachtaránacht na ceisteanna seo a leanas:

1. *Conas is féidir leis an Aontas ailíniú na hÚcráine le caighdeáin táirgthe ábhartha an Aontais a áirithiú faoi dheireadh 2028 agus cabhrú leis an Úcráin sa phróiseas sin?*

2. *Cad iad na réimsí ina rachadh comhar agus trádáil feabhsaithe idir an tAontas agus an Úcráin chun tairbhe don dá dhream, e.g. i ndáil le slándáil bia?*

3. *Cad iad na príomh-shaincheisteanna a bhfuil tionchar acu faoi láthair ar mhargaí talmhaíochta i do Bhallstát féin?*